An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

# BEARTAS COMHTHÁTHAITHE MAIDIR LE COMHIONANNAS NA RÉIGIÚN AGUS INBHUANAITHEACHT NA gCULTÚR RÉIGIÚNACH

**Mar cheann de phríomhuirlisí an Aontais don daonlathas rannpháirtíochta, cuireann an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar a gcumas do na saoránaigh a iarraidh go díreach ar an gCoimisiún Eorpach dlíthe nua a mholadh i réimsí ina bhfuil inniúlacht ag an Aontas. Ó seoladh é, tá guth níos láidre tugtha ag an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh do mhuintir na hEorpa maidir le beartais an Aontais a mhúnlú, idir chosaint an chomhshaoil agus an ceartas sóisialta agus chearta cultúrtha.**

**Tá an tionscnamh 'Beartas comhtháthaithe maidir le comhionannas na réigiún agus inbhuanaitheacht na gcultúr réigiúnach' mar chuid den phróiseas daonlathach sin, agus leagann sé béim ar éileamh na saoránach go dtacódh beartas comhtháthaithe an Aontais le cothroime, éagsúlacht agus caomhnú féiniúlachtaí réigiúnacha.**

## CAD IAD SPRIOCANNA AN TIONSCNAIMH?

Leis an tionscnamh seo, iarrtar go ndéanfaidh **beartas comhtháthaithe an Aontais an méid seo a leanas:**

- **Comhionannas a chinntiú** do na réigiúin sin a bhfuil saintréithe náisiúnta, eitneacha, cultúrtha, reiligiúnacha nó teanga acu atá éagsúil le saintréithe na réigiún máguaird;
- **Comhionannas deiseanna a chinntiú** do na réigiúin sin rochtain a fháil ar chistí éagsúla de chuid an Aontais;
- **Caomhnú a saintréithe agus a bhforbairt eacnamaíoch chuí a ráthú,** chun forbairt an Aontais a chothú agus a éagsúlacht chultúrtha a choinneáil ar bun.

## CLÁRÚ AN TIONSCNAIMH

D'iarr na heagraithe go gclárófaí an tionscnamh i mí an Mheithimh 2013. Tar éis rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chláraigh an Coimisiún an tionscnamh ar deireadh an 7 Bealtaine 2019.

Cláraíodh an tionscnamh bunaithe ar an tuiscint go bhfuil sé ag iarraidh tograí ón gCoimisiún le haghaidh gníomhartha dlí lena sainítear cúraimí, cuspóirí tosaíochta agus eagrúchán na gCistí Struchtúracha, ar choinníoll go neartaíonn na gníomhaíochtaí a mhaoinítear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais.

## RANNPHÁIRTEACHAS

Bhailigh an tionscnamh seo **1,269,351 síniú bailí** ó shaoránaigh ar fud an Aontais, agus sroicheadh tairseacha is gá in **ocht dtír.**



**#EUTakeTheInitiative**

**citizens-initiative.europa.eu**

## AN REACHTAÍOCHT REATHA

Tá beartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh á threorú ag sraith rialachán do gach clárthréimhse. Orthu sin tá Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC), lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna le haghaidh na gcistí ábhartha uile, mar aon le Rialacháin shonracha le haghaidh gach ciste. Le haghaidh chlárthréimhse 2014-2020, ba é Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 Rialachán na bhForálacha Coiteanna, agus is é Rialachán (AE) 2021/1060 an Rialachán le haghaidh 2021-2027.

Tá forbairt shuntasach tagtha ar an gcreat dlíthiúil don bheartas comhtháthaithe ó bhí 2013 ann nuair a iarradh an Tionscnamh Eorpach sin ó na Saoránaigh a chlárú den chéad uair. Le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, tugadh isteach ceanglais fheabhsaithe chun idirdhealú a chosc, neartaíodh prionsabal na comhpháirtíochta trí rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe ábhartha ón tsochaí shibhialta a áireamh in ullmhú agus i gcur chun feidhme clár, agus méadaíodh trédhearcacht, rud a thug rochtain níos fearr do shaoránaigh ar fhaisnéis maidir leis an tacaíocht a sholáthraítear ó chistí an bheartais comhtháthaithe. I gclárthréimhse 2021-2027, neartaíodh an creat dlíthiúil sin a thuilleadh le Rialachán (AE) 2021/1060 agus tugadh isteach sásraí níos láidre chun comhlíonadh na Cairte um Chearta Bunúsacha a chinntiú.

## FREAGRA AN CHOIMISIÚIN AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cuireadh an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh go foirmiúil lena scrúdú an 4 Márta 2025.

Thug an Coimisiún a fhreagra oifigiúil an 3 Meán Fómhair 2025, ina luaitear an méid seo a leanas:

- Leanann an Coimisiún de bheith airdeallach maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar chistiú ón Aontas laistigh den bheartas comhtháthaithe a chinntiú, agus é réidh chun na huirlisí uile atá ar fáil dó a úsáid chun cóir chomhionann a fhorfheidhmiú le linn chur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe.
- Thairis sin, maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, tá beartas comhtháthaithe agus fáis neartaithe nuachóirithe molta ag an gCoimisiún lena gcinntítear go bhfuil sásraí leordhóthanacha i bhfeidhm sna Ballstáit chun comhlíonadh fhorálacha ábhartha na Cairte um Chearta Bunúsacha a chinntiú le linn chur chun feidhme na bpleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, chomh maith le hurraim do phrionsabail an smachta reachta. I gcás nach gcomhlíonann Ballstát na coinníollacha sin, coinneoidh an Coimisiún na híocaíochtaí comhfhreagracha siar.

Chinn an Coimisiún nach bhfuil sé d'inniúlacht aige 'réigiúin náisiúnta' a shainiú ná a aithint ná teorainneacha riaracháin náisiúnta a athrú. Ina theannta sin, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil gá le tuilleadh athruithe reachtacha ós rud é go dtugtar leis na Conarthaí agus leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme cosaint leordhóthanach do mhionlaigh náisiúnta cheana féin, chomh maith le deiseanna iomadúla chun tacaíocht a thabhairt chun liosta na réigiún in Airteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a leathnú, ós rud é gurb iad tosca struchtúracha agus eacnamaíocha go príomha, seachas sainiúlachtaí cultúrtha nó teanga, a chinneann míbhuntáistí réigiúnacha.

## DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

**An 18 Meitheamh 2013** D'iarr eagraithe go gclárófaí an tionscnamh

**An 7 Bealtaine 2019** Cláraíodh an tionscnamh agus cuireadh tús le bailiú na sínithe

**An 7 Bealtaine 2021** Tháinig deireadh le bailiú na sínithe

**An 4 Márta 2025** Cuireadh isteach go rathúil é

**An 25 Márta 2025** Cruinniú idir eagraithe an tionscnaimh agus an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Raffaele Fitto

**An 25 Meitheamh 2025** Reáchtáladh éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa

**An 10 Iúil 2025** Díospóireacht iomlánach i bParlaimint na hEorpa

**An 3 Meán Fómhair 2025** Thug an Coimisiún an freagra oifigiúil

Cruinniú leantach le heagraithe an tionscnaimh

**Faigh an t-eolas is déanaí ón Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh [anseo]**

**Féach ar scéalta ratha eile i bhFóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh [anseo]**

© An tAontas Eorpach, 2025 (cc)

Print ISBN 978-92-68-31169-1 doi:10.2792/9883989 KA-01-25-014-GA-C
PDF ISBN 978-92-68-31168-4 doi:10.2792/1318835 KA-01-25-014-GA-N
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025